



**TIPPERARY HISTORICAL JOURNAL
1991**

© County Tipperary Historical Society

**www.tipperaryllibraries.ie/thc
society@tipperaryllibraries.ie**

ISSN 0791-0655

'Sceal na hIomána' — deich mbliana ar aghaidh

le Art Ó Maolfabhail

Is fada ó d'aithníos go bhfuil rúin staire i bhfolach i scéal na hiomána. Measaim go bhfuil cuid mhór de na rúin sin fós i bhfolach tar éis go bhfuil *Scéal na hIomána** tagtha chugainn. Leabhar 800 leathanach é seo a bhfuil beagnach 2,800 de thagairtí eolais agus de nótaí ar a chúl — gan trácht ar innéacsanna, aguisíní agus liostaí foinsí.

Tá lochtanna áirithe le fáil agamsa ar an leabhar; ach ná síleadh aon duine, dá bharr sin, gur beag mo mheas ar an saothar. Is mór ar fad mo mheas ar an gcuardach agus ar an gcnuasach agus ar an dtaighde a rinne an t-údar ar iarsmaí an chamáin in Éirinn anuas go dtí am bhunú Chumann Lúthchleas Gael in 1884. Níor chuir an t-údar roimhe sa leabhar seo plé ar bith a dhéanamh le stair an chumainn sin, cé go bhfuil mórán eolais suimiúil anseo aige a bhaineann le bunú an chumainn.

Is léir gur toradh diantaighde atá anseo romhainn. Dáiríre, tráchtas ollscoile is ea é le haghaidh céim dochtúireachta. Tuigim ó mo thaithí féin na deacrachtaí a ghabhann le tiomsú na fianaise scaipithe seo, gan trácht ar cheansú na fianaise céanna. Tuigim don údar, dá bhrí sin, nuair a admhaíonn sé go humhal agus go neamhbhalbh nár éirigh leis na deacrachtaí go léir a shárú, agus nuair a éilíonn sé a dheacra a bhíonn sé forbairt na tuairmíochta a réiteach thar tréimhse fada taighde.

Gan amhras, ní féidir le gach saothar taighde bheith críochnúil go hiomlán. Agus bíonn cead ag údar a thuairim a athrú nó a mhaolú tar éis a shaothair. Mar sin féin, ba chóir don saothar foilsithe a bheith aontaithe ann féin. Is ait liomsa, pé scéal é, tagairt i réamhrá an leabhair seo (xiii) do thuairimí "nach dtagann go baileach le chéile" agus do chaibidlí "gan aon cheartú". Freisin, is mór a chroitheann sé an léitheoir, dar liom, a leithéid seo de nóta a léamh: "Ní scríobhfainn é seo dá mbeadh breith ar m'áifeala agam!" (714, nóta 18a).

Tá beagnach dhá scór caibidil sa leabhar seo, gan aguisíní a chur san áireamh, agus is léir gurbh fhánach féachaint le scrúdú iomlán a dhéanamh ar na gnéithe éagsúla den iománaíocht a léirítear ann. Comhairlím do gach duine ar fiú leis an léirmheas seo a léamh dul agus an leabhar féin a léamh. Tá comaoin curtha ag an mBráthair Ó Caithnia ar phobal na hÉireann agus ar lucht léinn, agus cé nach bhfuil an focal deiridh scríofa ar an gcluiche ársa aige, tá curtha aige ar chumas an tslua leanúint den bhfiosrú.


Ina Réamhrá (xiv) luann sé deacrachtaí a fuair sé féin agus é ag cur chun taighde. Luann sé *Manuscript Sources for the History of Irish Civilisation* a foilsíodh in 11 imleabhar sa bhliain 1965. Agus é ag trácht ar an ábhar i láimscríbhinní a liostaítear sa chlár ollmhór foinsí sin, deir sé: "gheofar lua ar Boating, Bowling, Cricket, Football, Hunting agus Rugby gan trácht ar iliomad eile cluiche agus caitheamh aimsire — ach teideal féin na hiománaíochta níl ann." Tá an bhearna dhochreidte sin líonta aige féin ar fheabhas.

Aois Órga

Scéal na hIomána Ó Thosach Ama go 1884 is teideal iomlán don leabhar atá á mheas anseo. Ina dhiaidh sin braithim gur dhírigh an Bráthair go rómhór ar thréimhse amháin, cé go dtuigim dó mar gheall ar an bhflúirse fianaise, dá ghiobalaí í, atá ar fáil don dtréimhse sin. Leagann an t-údar síos

**Scéal na hIomána Ó Thosach Ama go 1884*. Le Liam P. Ó Caithnia. (An Clóchomhar Teo., 1980) Leathanach: xix & 826. £8.50.





Sliothar a fuarthas i bportach an Bhaile Bhig (Littleton), Co. Thiobraid Árann, Bealtaine 1960. Dar le Liam Ó Caithnia, cailleadh nó cuireadh i bhfolach é 600 bliain ó shin a laghad. Tá an sliothar anois in Ard-Mhúseam na hÉireann. (Féach alt le A.T. Lucas, Cork H & A Journal, 1971, 79-80.)

a theorainneacha féin. Míníonn sé (2) cén fáth “narbh fhiú tús a chur le cuntas na hiománaíochta go deireadh 17ú haois. “Ansin, i dtaobh na bliana 1797, deir sé (49): “Más gá nó más fiú dáta ar bith a lua le tús mheath na hiomána in Éirinn, ní fearr dáta a roghnófaí ná an dáta sin ... ”

Luann sé “aois órga na hiománaíochta sa 18ú haois” (9), agus cé go bhfuil an téarma “some type of golden age” luaite agam féin leis an 18ú haois, sílim go dtéann an Bráthair Liam rófhada ar fad leis. I mo thuairimse tá an camán in Éirinn le 2000 bliain ar a laghad, agus b’fhéidir go bhfuil sé anseo le tamall i bhfad níos faide ná sin, ar shlí go bhféadfaí a éileamh, fiú amháin, gur ghné thánaiste an ceangal le saothíúlacht na Gaeilge. Ar bhonn fhianaise na litríochta, ámh, ní féidir sinsireacht an cheangail leis an saol Gaeilge a shéanadh. Is fíor go dtáinig gné amháin den iománaíocht faoi choimirce agus faoi phátrúntacht tiarnaí agus uaislíne GallGhaelacha san 18ú haois. Mar sin féin, ní slán an mhaise do staraí, dar liom, an iomarca béime a chur ar an dtréimhse sin, arbh í an aois ba dhorcha riamh í, go bhfios dúinn, i saol shaíocht na Gaeilge agus ar cumadh an téarma *The Hidden Ireland* chun sin a chur abhaile orainn.

Gan amhras, saol bocht íochtarán a bhí sa tréimhse sin ó thaobh na nGael dó, agus má bhí *renaissance* iomána ar siúl lasmuigh den saol sin, caithfear sin a aithint agus a léiriú ach gan dul chomh fada leis is a rachadh an staraí páile nach bhfeiceann mórán lasmuigh den bhalla a thóg sé féin. Tá a fhios agam nach staraí den chineál sin an Bráthair, ach b’fhearr liomsa léargas ama níos fairsinge agus trácht á dhéanamh ar an iománaíocht.

Measaim nárbh éagóir iomáint lucht Béarla a thabhairt ar an iomáint faoi phatrúntacht na mionuaisele san 18ú haois. Rinneadh an iomáint sin a fhógairt i nuachtáin (Bhéarla) na haoise, agus is beag den saol Gaelach a bhain amach na nuachtáin chéanna. Is beag má tá aon cheangal coitianta traidisiúin no dúiche fanta inniu idir an camán agus an teanga Ghaeilge in Éirinn. Is furasta a thuiscint go mbíonn neart an spóirt phoiblí san áit ina mbíonn cumhacht pholaitiúil.

Agus, cé gur dócha gur amach as saol Gaeilge, dá fhad ó shin é, a thagann an camán chugainn, nílím cinnte nach eilimint “camánachta neamhGhaelaí nó allúraí” is láidre agus is bríomhaire in eagrú na himeartha in Éirinn ón 17ú haois i leith. San am céanna, as iomadúlacht na dtagairtí i gcnuasach Roinn an Bhéaloidis agus as foinsí eile, is léir go gcaithfidh go raibh réimse mór iomána ann nár tháinig faoi anáil na pátrúntachta GallGhaelaí san 18ú haois.

Teoiric an dá Thraidisiún

De réir mo léamhsa ar an bhfianaise, chonacthas dom nár mhiste dhá phríomhchineál imeartha a lua leis an iomáint: (i) imirt le camán caol feadh an talaimh go háirithe in aimsir an gheimhridh;

tá a lán tagairtí déanacha ann do chrua-liathróid (adhmaid) in imirt den chineál seo; (ii) imirt le baschamán ina n-iompraítear an liathróid uaireanta ar bhas an chamáin agus arb é séasúr an tiormaigh nó an tsamhraidh ba choitianta chuici. Is é an t-impreisiún a bhuaíl mé féin ón bhfianaise gur bhain an cineál seo tráth le ceantar Laighean go háirithe agus gur leathnaigh sé mórán céim ar chéim le leathnú na teanga Bhéarla in Éirinn agus go mórmhór ón 17ú haois ar aghaidh.

Bhaistean *camanacht* ar an gcéad chineál díobh ar son áisiúlachta mar gheall ar an gcosúlacht a chonaic me a bheith ann idir í agus camánachd na hAlban. Bíodh gurb í tuairim an Bhráthar go bhfuilimse “ar éill ag teoiric úd an dá thraidisiún” (745), mar sin féin baineann sé féin leas as difríochtaí bunúsacha eile chun traidisiúin éagsúla a mharcáil. Is léir go mbraitheann sé gur gá iolracht éigin traidisiúin a shuíomh go díreach faoi mar a bhraithimse. Déanann sé deighilt idir “cluiche faiche” agus “scuaibín .i. imirt trasna na tíre nó ó bhaile go baile”; dála an scéil, cé chomh seanda is atá an focal “scuaibín” agus cad as dó?

Deighilt eile leis is ea an cnag (adhmaid) i gcomparáid leis an liathróid luaimneach faoina hainmneacha éagsúla. Seo mar a deir sé: “Sop in áit na scuaibe dá bhrí sin ab ea an liathróid adhmaid i ndeisceart Éireann... Ní mar sin in aon chor a bhí an scéal ó thuaidh” (224). Glacann an Bráthair leis i rith an ama gurb é “an camán baise” (257, 7rl.) an ceartchamán.

Ach ansin deir sé: “Is beag má tá de cheart in aon chor againn tuairim a chaitheamh ar chineál na gcamán i dtuaisceart Éireann san 18ú haois ná roimpi sin (273). “Seo focail an Bhráthar: “Mhínigh mé cheana go raibh dhá shaghas iomána in Éirinn leis na céadta bliain. Saghas acusan, chleachtaí sa tuaisceart é, cluiche a dtugtaí ‘camáin’ no *commons* air le fada — agus ainmneacha eile leis ar ndóigh. Ba í iomáint an bhaschamáin an saghas eile — iomáint an deiscirt tríd is tríd” (665).

Féach anois mar a úsáideann sé ansin na téarmaí *tuaisceart*, *deisceart*. Féach na téarmaí céanna ar 273, 274, 285. Faightear *cluiche Chúige Uladh* ar 626 agus *iomáint Chúige Uladh* ar 633. Measaim go bhfuil *tuaisceart* agus *deisceart* á n-úsáid anseo faoi mar is minic i gcaint an lae inniu, gan cruinneas céille iontu. Ceist: an slán cruinn na téarmaí iad, agus an féidir a mhaíomh go gclúdaíonn siad eatarthu Éire uile go cruinn díreach?

Ansin (744), trí mhalartú téarmaíochta, iompaíonn an Bráthair na téarmaí Béarla agamsa “*winter camánacht*” agus “*Leinster summer hurling*” ina “*iomáint Chúige Uladh*” agus “*bairí an deiscirt*” (seachnaím go fóill téarmaí Uí Mhaolfabhail: ‘camánacht’ agus ‘Leinster summer hurling’...). Bhí an focal *commons* coitianta i mBéarla ó chianaibh gearra in Éirinn ar chineál éigin iomána. Is ar éigean atá fianaise chrua ar bith ann ar an bhfocal *camánacht* i nGaeilge na hÉireann ámh, cé gur aisteach sin. Luann an Bráthair (744) an scéal *Poll Tí Leobáin* as contae Mhaigh Eo, ina bhfaightear an focal *camánacht*, scéal béaloidis más fíor. Tuigeadh domsa nár mhuiníneach mar fhoinsé thraidisiúnta an scéal áirithe sin.

Foinsé eile a luann sé as Contae Átha Cliath (626). i. *Fair Fingal*, tá sé sin fabhtach óir ní *camanacht* (*sic*, gan síneadh) mar atá curtha i gcló atá sa bhunscríbhinn ag an údar, Patrick Archer, ach *cámáineacht*. B’fhéidir, dáiríre, gur mhí-ámharach an rogha focail a rinne mé féin agus an focal *camánacht* a úsáid. B’fhéidir nár cheart nasc ró-dhlúth a shamhail le hAlbain ar bhonn an fhocail sin amháin. Níor cheart, ámh, neamhaird a dhéanamh den nasc a bhí dáiríre ann. Mé féin, táim réasúnta sásta leis an bhfocal *camánacht*, go háirithe de bhrí gur eilimint sheanda sa teanga Ghaeilge é *cam-*.

Alba

Sa pharóiste is faide ó thuaidh in Éirinn tá an t-aon phíosa fianaise pictiúrtha ar an iomáint ón ré lánGhaelach. Teipeann go hiomlán orm a thuiscint cén chaoi a d’fhéad an Bráthair Ó Caithnia a rá: “Fágann sin amhras ar gach aon duine cé acu an camán nó maide gailf atá greanta ar leac cinn uaigne Chluain Catha (Tír Chonaill). Ní móide go mbeidh a fhios againn riamh le cinnteach (274).”



Bonn ar bith níl leis an ráiteas sin. Is in Inis Eoghain atá Cluain Catha, agus ní i dTír Chonaill. Is ón 15ú haois don leac, measaimse (*Camán*, 78). Tá scríbhinn Ghaeilge uirthi. Fiú más as Albain a tugadh í, rud a d'fhéadfadh a bheith fíor, cé nach móide, fós baineann sí leis an saol lánGhaelach, saol nár bhain an galf riamh leis.

Baineann an Bráthair leas (744) as an Leabhar Eoghanach a scríobhadh i gCúige Uladh san 16ú haois chun a thaispeáint nár mhiste le húdar na scríbhinne comórtas iomána idir Muireadhach mac Eoghain d'Uíbh Néill an tuaiscirt agus Cuingidh Cas mac Criomhthainn .i. mac rí Laighean, agus a shuíomh tríd sin gurbh aon chineál amháin imeartha a bhí i réim in Éirinn lena linn sin. Is aisteach nach dtagrann sé ar chor ar bith don eachtra a luaitear ina dhiaidh sin go díreach sa Leabhar Eoghanach, i. an Muireadhach céanna a chur tríocha báire i gcionn an treas lá iarsin in Albain. Ar an iomlán braithim go seachnaíonn an Bráthair na fadhbanna a bhaineann le stair an chamáin in Albain.

An Béaloideas

Is dóigh liom go gcuireann an Bráthair Ó Caithnia béim ró-mhór ar ráitis fhánacha as cuntais agus cuimhní atá le fáil sa bhailiúchán i gcartlann na Roinne Béaloideas i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Ar aon nós is ró-láidir liomsa an bhéim aige nuair a chuimhním féin ar an ollmhéid atá ligthe i ndearmad ag pobal na hÉireann faoi anáil na scolaíochta Béarla agus faoi oideas an fhocail scríofa. Is próiséas é sin atá ag titim amach timpeall orainn an t-am ar fad ainneoin aois an taifeadta fuaimne a bheith tagtha le tamall.

Ró-láidir liom é nuair a chuimhním ar an míniú atá déanta ar leathanach teidil an leabhair seo, .i. Scéal na hIomána Ó Thosach Ama go 1884. Tagraíonn iarsmaí seo an bhéaloideas don 19ú haois, do ré inar suathadh go mór agus inar tréigeadh go foirleathan an saol traidisiúnta in Éirinn. Chuir tréigeadh na Gaeilge daille bhreise ar phobal na hÉireann. Mar a deir an Bráthair féin " ... ní mór bheith san airdeall ar thuiriscí an bhéaloideas" (134). Is dochreidte a laghad a mhair, ná a mhaireann, de chuimhne ar an iomaínt ná de chuimhne ar an Gaeilge sa chuid is mó ar fad d'Éirinn.

Taobh ar taobh leis an laige sin tá laige eile, dar liom. Is é sin gur minic nach n-aithnítear sa chineál seo cuimhne idir an tréith shealadach a lean faisean gearrshaolach agus an tréith a bhí bunaithe le 1000 bliain. Measaim go gcaithfidh go bhfuil cuid mhór den tanaíocht seo ag baint lena lán dá bhfuil cnuasaithe i Roinn an Bhealoideas.

An Scaibín

Mar shampla den tanaíocht sin luaim fadhb na "scaibín". Iomaínt trasna na dúiche fad éigin de mhílte slí agus sluaite móra páirteach inti — sin is brí do *scaibín* de réir tuairisce. Is i lár chúige Mumhan amháin a fhaightear an téarma scaibín de réir dealraimh ach bhí go leor ainmneacha eile in usaid uirthi: "Iomaínt Ard, all Home, Hurling Home, Cross-country Hurling, agus mar sin de" (432) de réir an Bhráthar. Bhí an prionsabal imeartha seo forleathan san 19ú haois de réir cuimhne daoine, ach tar éis do caibidil iomlán dosaen leathanach a thabhairt don ábhar admháíonn an t-údar (433) gur fíorbheag eolais atá ann ina thaobh.

Im thuairimse ba nós cuíosach déanach é a d'fhás nó a tháinig isteach i dtréimhse nuair a bhí daonradh na tuaithe ag méadú go tapaidh agus an talamh oscailte á ghlanadh agus á roinnt ina pháirceanna dúnta. Measaim gur cineál imeartha é inar bheag an fheidhm a bheadh le scileanna an chamáin. Ní shéanaim, ámh, go mb'fhéidir go raibh an nós ceangailte le féilte áirithe. Tar éis mhion-scagadh an ábhair ag an mBráthair táim sásta nár chluiche eagraithe é agus b'fhurasta dom a chreidiúint gur foirm ócáidiúil é a tháinig i bhfaisean mar aithris ar chleachtadh, nó ar chaitheamh aimsire, saighdiúiri gallda.



Ar an ábhar sin, sílim gur trua nach ndeachaigh an t-údar níos faide i gcéin ná oileán na Breataine agus é ag scrúdú cheist na scuabíní agus na mbáirí ócáide. Mar gheall ar mhórhionchar na Normannach agus na Frainc ar shaol na hÉireann, ba cheart tagairt a dhéanamh don bhfianaise atá ar fáil ar a leithéid sa bhFrainc (cv. A. Van Gennep, *Manuel de Folklor Française Contemporain*). Go deimhin, in insint amháin ansin ar imirt Mháirt na hInide, gheofar an bhean nuaphósta ag cosaint a dorais oscailte le *scuab (balai)* ar an liathróid agus í á hiomáin ag gasra ógánach le maidí (Van Gennep, I, 1088).

Is ábhar iontais dom i gcónaí na blúiríní eolais atá scaipithe tríd an leabhar seo; iarsmalann i gcló is ea é. Mar shampla: tá tagairt chruinn ann don chluiche a imríodh 19 Eanáir 1884 i bPáirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath ar an bplásóg le hais leacht Wellington mar atá inniu; “cluiche ab ea é sin idir cromóga agus camáin bhaise: “de thoradh na hiomaíochta seo bhí roinnt garbh-imeartha ann, agus tar éis dianchoimhlinte a chuaigh thar dhá uair a chloig, *the advocates of the large flat carpenter-made cudgels secured a goal*, agus dá thoradhsan glacadh leis an saghas seo mar chamán (*hurdle!*) na todhchaí”. Is le camán na baise mar sin a chloígh Cíosóg feasta (675). Pointe eolais nach bhfuil ar fáil, de réir dealraimh, is ea ainm an ghaiscígh a d’aimsigh an cúl úd agus a chuir casadh i scéal na hiomána ar an buille baise.

Is breá liom, chomh maith, oiread abairtí sainiúla is atá sa leabhar seo. A leithéid seo: “.. an cluiche ar ceapadh rialacha i gColáiste na Tríonóide dó agus a dtugtai ‘hurley’ air-cluiche a míníodh ó aithne nach mór, agus a chuireadh Cíosóg le báiní ... (III)”. Nó an ráiteas conspóideach do bhréag-naithe seo: “Is feiniméan an-ait liomsa (agus an-mhishásúil, dar liom), dhá chluiche chomh difriúil le peil agus iomáint a bheith araon faoi choimirce aon chumainn amháin ... “(609).

Táim den tuairim, ámh, nach n-oireann a leithéid seo a leanas i gceartlár tráchtas scolártha: “Chailleamar ár gcroí le James Bond agus diúltaímid glan do ghaiscíoch na Tána bíodh nach áiféisi duine acu ná a chéile. “Tuigim do dhearcadh an údair, ach sílim gurbh oiriúnaí a leithéid sin i réamhrá uaidh. Buaine bladh na beatha agus is dócha go mairfidh ainm ghaiscíoch na Tána fad a mhairfidh an camán. Ar an ábhar sin is deas liom mar a thugtar ómós do laoch anaithnid fhaiche na hiomána, do Shéadanta, tríd a oidhrí san 20ú haois a thaispeáint dúinn (118) cé go bhfágtar na hoidhrí sin gan ainm ar son na healaíne.

An Ruagá Aonair

Is léir bá an údair leis an ruagá aonair, le fear an tsolo, ach braithim uaidh agus óna chuid ráiteas nach samhlaíonn sé an tréith laochta sin ach amháin leis an dté a thugann leis an liathróid ar iompar ar bhas a chamáin: ní leor leis an liathróid á breith roimhe ag an iománaí fan an talaimh. Seo mar a deir an t-údar: “Déanaimse amach dá bhrí sin, má dhealaímid an aibhéil ó eachtra úd na hEamhna, gur bhaschamán agus liathróid luaimneach ab eol d’údar na Tána agus gurb é móitíf na liathróide á cnagadh ar an mbais an t-aon slí amháin le craiceann a chur ar ghaisce an ógánaigh (257). “Ní théann an argóint sin i bhfeidhm ormsa ar chor ar bith; b’fhéidir go bhfuil an ceart inti, b’fhéidir nach bhfuil.

Cuireann an ráiteas sin an Bhráthar i gcuimhne dom an abairt chlúiteach sin is minic ag lucht cumtha agus leasaithe rialacha imeartha, an abairt “in possession of the ball” sa riocht inar minicí a chloistear í. Abairt í nach minic a shainmhínítear. I gcomhthéacs imeartha, má tá brí ar bith leis an abairt sin, ciallaíonn sí go bhfuil an liathróid san áit a chuireann ar chumas an imreora a thoil a imirt uirthi; má roghnaíonn sé í a bhuaileadh agus má éiríonn leis e sin a dhéanamh, ní féidir a shéanadh gur bhain sé leas as an tseilbh a bhí aige uirthi. Seachas sin, má éiríonn leis an liathróid a choimeád ar an dtalamh aige féin nó ar bhais a chamáin, go cinnte ansin bíonn seilbh aige uirthi.

Deir an t-údar (115) nach bhfuair sé aon tagairt do chleas na baise, is é sin, d’iompar nó do chnagadh na liathróide ar bhais an chamáin sa rith, in áit ar bith lasmuigh d’Éirinn, ná lasmuigh de



dheisceart na hÉireann. Tá a leithéid ann, ámh, pé mhéid is fiú é. Sa leabhar *How to play Hockey*. (H.E. Haslam, Londain, c. 1922), tá grianghraf d'imreoir "*carrying the ball on the stick; not actually a foul, but a bad practice*", agus tagairt don chleas ar lch.33. N'fheadar an as Éirinn nó as Sasana féin a tháinig an nós sin chun cinn san haca. Ar ndóigh, is gné de lacrosse an lae inniu é.

Is iomaí téama sa leabhar seo arbh fhiú é a leanúint agus diospóireacht a dhéanamh air. Caibidil 6, *Leagan amach na bhFoirne* (san 18ú haois), is iontach an píosa é gona plé ar *an bulc*, ar *an fuadach* agus ar théarmaí eile. An chaibidil ar *Taighríocht*, pléann sé leis an ngné ar a dtugtar *offside* i mBéarla. Is téarma é *taighríocht* nach n-aithnínmse agus nach dtuigim murab é *taobh* an bhun-eilimint atá ann. Tá an chaibidil seo bunúsach a fhad agus is féidir di a bheith, ach tá an fhianaise ró-thanaí agus ró-dhéanach.

Admhaíonn an t-údar tanaíocht na fianaise (95), cé go bhfeictear dó "gur greasán an-chasta imeartha an taighríocht, í deacair a aithint agus a aimsiú sna seantuaisríscí." Ní léir, mar sin, cé chomh seanda is atá an tuiscint don riail seo nach n-aithnítear in Éirinn ná in Albain inniu ach amháin sa chosc a bhíonn ar ionsaitheoirí a bheith laistigh san achar beag a bhíonn marcáilte ar aghaidh an chúil sula dtagann an liathróid isteach ann. In imirt bhríomhar luaimneach na gcamán is mí-phraithiciúil an riail í - b'fhurasta, dar liom, imreoirí a thoirmisc go hiomlán ó dhul isteach san achar sin.

Pé acu seanphrionsabal in Éirinn í seo nó iasacht na haoise seo caite, agus níorbh ait liom é sin, tá míniú loighiciúil amháin, dar liom, le déanamh na rialach seo *offside*. Má bhíonn an pháirc imeartha rómhór de bharr laghad líon na n-imreoirí nó fad na mbuillí a bhuaitear ar an liathróid, tharlódh nach imirt cluiche liathróide a bheadh ann ar cor ar bith ach comórtas reatha go bunúsach, mar is minic a tharlaíonn inniu i gcluichí idir foirne laghdaithe ar ghnáthfhaiche gan laghdú.

I measc na gcaibidil eile is rí-spéisiúil *An Iomáint agus an Dlí*, agus tagairtí cruinne eolais ag gabháil léi, ar ndóigh. Ní mholaim, ámh, an chaibidil ar *An Chléir agus an Iomáint*; dar liom go bhfuil sí seo doiléir scaipithe thar mar ba chóir.

Pointí beaga: Drochbhotún is ea Mic Léinn a thabhairt ar Chlann Mhic Gille Eathain (75). Níl rún ar bith ag baint leis an bhfocal *bucht* (706, 148n.); ní Gaeilge atá ann; is gnáth-eilimint sna teangacha Ghearmánacha é a chiallaíonn *lúb* nó *casadh*. Cé gur annamh ar fad dearmad cló sa leabhar, ní léir ar lch. 2 ciall na hargóna nuair a dhéantar trácht ar "bunairíonna na hiomána" — is amhlaidh a liostaítear cúig cinn agus ansin luaitear i bhfocail, faoi dhó, "na ceithre hairíonna". Ar lch. 505 tá líne ar lár ón athleagan nuaGhaeilge a thugtar ansin.

Measaim nach ndearnadh eagarthóireacht agus laghdú chun feabhais mar ba chóir ar an saothar ollmhór seo, agus is dóigh liom go gcaithfeadh go mbeadh cuid mhór den mhilleán ar na foilsitheoirí. Ní maith liom é sin a bheith le rá agam óir tuigim chomh maith le duine ar bith an freastal ar fónamh atá déanta ag an gClóchomhar ar mhuintir na hÉireann. Anois féin, dá bhféadfaí an Bráthair Ó Caithnia a mhealladh chun leabhar beag don ghnáthléitheoir a scríobh, timpeall 50,000 focal gan ruthag gan roscaireacht gan ró-fhoclaíocht dá shaibhre, ba mhór a b'fhiú é sin.

